Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7534/1/25**
**REV 1**

**COARM 74**
**CFSP/PESC 500**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le rialú ar onnmhairiú arm |

Gheobhaidh na toscairí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le rialú ar onnmhairiú arm mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad an 14 Aibreán 2025.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE RIALÚ AR ONNMHAIRIÚ ARM

1. Tarraingíonn an Chomhairle aird ar an rannchuidiú fíorthábhachtach a dhéantar le beartas freagrach trádála arm i ndáil le caomhnú na síochána agus na slándála idirnáisiúnta agus i ndáil le hurramú chearta an duine agus an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas an comhar agus an cóineasú a chur chun cinn i mbeartais na mBallstát chun cosc a chur ar aon onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata i gcás ina gcomhlíontar critéir Chomhsheasamh 2008/944/CBES chun an t-onnmhairiú sin a dhiúltú.

2. Meabhraítear don Chomhairle a tiomantas an rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata a neartú trí Chinneadh (CBES) 2025/779 ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 a ghlacadh, lena leasaítear Comhsheasamh 2008/944/CBES, agus go bhfuil rún daingean aici an comhar a atreisiú agus cóineasú a chur chun cinn i réimse onnmhairiú na teicneolaíochta míleata agus an trealaimh mhíleata, faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) trí chomhchaighdeáin arda a bhunú, a choinneáil agus a chur chun feidhme chun aistrithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata a bhainistiú sna Ballstáit uile. Leanfar de sin a dhéanamh, *inter alia,* trí fhaisnéis ábhartha a mhalartú i measc na mBallstát, lena n-áirítear faisnéis maidir le fógraí diúltaithe agus beartais maidir le honnmhairiú arm, nó trí bhearta féideartha a shainaithint chun cóineasú a mhéadú a thuilleadh. Ba cheart teicneolaíocht mhíleata agus trealamh míleata a thrádáil ar bhealach freagrach cuntasach, agus ba cheart gach dícheall a dhéanamh chun a n-atreorú chuig sceimhlitheoirí, coirpigh nó úsáideoirí neamhúdaraithe eile a chosc.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas athnuaite na mBallstát don Chomhsheasamh, ar comhsheasamh é atá ceangailteach ó thaobh dlí de, arna leasú le Cinneadh 2025/779 ón gComhairle (CBES) agus cuireann sí i bhfios go láidir an tábhacht a ghabhann le measúnú críochnúil a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais onnmhairiúcháin le haghaidh teicneolaíocht mhíleata agus trealamh míleata de réir na gcritéar a shonraítear ann.

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an sprioc choiteann a bhí mar bhonn do ghlacadh Chomhsheasamh 2008/944/CBES in 2008. Meabhraítear don Chomhairle na measúnuithe a rinneadh roimhe seo go bhféadfar níos mó dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le cur chun feidhme an Chomhsheasaimh agus chun cóineasú a uasmhéadú i measc na mBallstát i réimse an rialaithe ar onnmhairiú arm. Is díol sásaimh don Chomhairle é gur leasaíodh an Treoir d'Úsáideoirí a ghabhann le Comhsheasamh 2008/944/CBES chun na critéir maidir le measúnú riosca a leagtar síos leis an gComhsheasamh a oibríochtú a thuilleadh. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go dtacaíonn léirmhíniú comhsheasmhach agus cur i bhfeidhm oibríochtúil na gcritéar sin le cóineasú na mbeartas náisiúnta onnmhairithe arm.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta atreorú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata a chosc agus a chomhrac, go háirithe mionairm agus armáin éadroma, a chuireann leis an bhforéigean armtha ar fud an domhain. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá cosc a chur ar theacht timpeall ar ionstraimí a bunaíodh chun trádáil arm a theorannú, lena n-áirítear trádbhaic arm na Náisiún Aontaithe, smachtbhannaí ESCE, agus bearta sriantacha an Aontais.

6. Leagann an Chomhairle béim ar thiomantas na mBallstát do chórais iltaobhacha rialaithe onnmhairí, agus iad ag seasamh lena gcuid gníomhaíochtaí lena dtacaítear le cur chuige iltaobhach leanúnach maidir le rialú ar onnmhairí, agus le feidhmiú na gcóras sin a neartú, ar córais bhunúsacha iad, *inter alia*, chun carnadh díchobhsaitheach gnáth-arm a sheachaint agus chun an tsíocháin idirnáisiúnta a chur chun cinn.

7. Meabhraítear don Chomhairle gur léirigh freagairt an Aontais agus a Bhallstát ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear trí bhearta cúnaimh na Saoráide Eorpaí Síochána mar thaca le ceart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe, tiomantas daingean an Aontais tacaíocht leanúnach a thabhairt don Úcráin agus dá muintir a fhad is gá. Meabhraítear don Chomhairle, thairis sin agus i gcásina soláthraítear tacaíocht mhíleata, go dtugtar lánurraim do bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus go gcuirtear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile san áireamh.

8. Aithníonn an Chomhairle gur féidir le bearta chun onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata a éascú, arna bhforbairt go comhpháirteach ag na Ballstáit, comhar a spreagadh laistigh den Aontas agus rannchuidiú go mór le hiomaíochas domhanda bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta an Aontais a neartú, rud a chuireann, dá réir sin, le hullmhacht agus cumais fhoriomlána cosanta na hEorpa a mhéadú.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí maidir leis an Straitéis thionsclaíoch um an gcosaint Eorpach ina n-iarrtar ar na Ballstáit féachaint ar bhealaí chun a gcleachtais maidir le rialú ar onnmhairiú arm a chóineasú a thuilleadh de réir a chéile, go háirithe i gcás na gcumas cosanta sin a fhorbraítear go comhpháirteach, agus molann sí do na Ballstáit dea-chleachtas a chómhalartú maidir le rialacha rialaithe onnmhairí ar mhaithe le cumais arna bhforbairt go comhpháirteach.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle gur glacadh Rialachán (AE) 2025/41 maidir le bearta allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus idirthurais le haghaidh airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin (athmhúnlú) an 19 Nollaig 2024. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an gealltanas seasamh leis na caighdeáin chéanna maidir le hairm thine shibhialtacha a onnmhairiú agus atá ann chun teicneolaíocht mhíleata agus trealamh míleata a onnmhairiú. Is díol sásaimh don Chomhairle go háirithe cur i bhfeidhm chritéir an Chomhsheasaimh maidir le hairm thine shibhialtacha a onnmhairiú agus an dealú soiléir idir raon feidhme chur i bhfeidhm an dá ghníomh dlí.

11. Aithníonn an Chomhairle an luach atá ar onnmhairiú arm chun caidrimh fhadtéarmacha a bhunú idir Ballstáit is soláthróirí agus úsáideoirí deiridh, rud a d'fhéadfadh cabhrú le comhpháirtíochtaí a thógáil agus a threisiú sa tslándáil agus sa chosaint, agus ar an gcaoi sin ár gcumas a neartú maidir le rannchuidiú le síocháin agus slándáil ár mór-roinne, freagairt ar choinbhleachtaí agus ar ghéarchéimeanna seachtracha, agus an tAontas agus a shaoránaigh a chosaint, i gcomhréir le Compás Straitéiseach an Aontais;

12. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta do thrédhearcacht sa trádáil idirnáisiúnta arm agus roinnt bearta nithiúla á moladh aici atá ceaptha chun tuairisciú ceart, comhleanúnach agus tráthúil a éascú maidir le honnmhairiú arm na mBallstát. Ar na bearta sin tá spriocdhátaí soiléire a bheith ann chun tuairisciú i dTuarascáil Bhliantúil an Aontais agus tuilleadh treoirlínte a áireamh i gComhsheasamh 2008/944, arna leasú, agus sa Treoir d'Úsáideoirí maidir le substaint agus próiseas an tuairiscithe. Is díol sásaimh don Chomhairle torthaí na hoibre a rinne foghrúpa na Meithle um Onnmhairiú Gnáth-Arm (COARM) den Mheitheal um Neamhleathadh agus Onnmhairiú Arm maidir leis na dea-chleachtais chun an fhaisnéis ábhartha maidir le honnmhairí iarbhír a thuairisciú. Geallann na Ballstáit go dtuairisceoidh siad ar luach na n-onnmhairí iarbhír, i gcás ina mbeidh fáil air, agus go bhféachfaidh siad ar bhealaí chun an fhaisnéis sin a chur ar fáil, i gcás inarb ábhartha.

13. Is díol sásaimh don Chomhairle gur chomhaontaigh na Ballstáit tuilleadh feabhais a chur ar mhodhanna oibre COARM, lena n-áirítear bunachar sonraí a sheoladh d'oifigigh cheadúnúcháin i mí na Bealtaine 2022. Molann an Chomhairle do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais rannchuidiú le forbairt an bhunachair sonraí.

14. Cuireann an Chomhairle i bhfios go bhfuil sí tiomanta leanúint dá hiarrachtaí uiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Chonartha Trádála Arm (CTA) a chur chun cinn, lena n-áirítear tuairisciú trédhearcach a chur chun cinn, trí fhor-rochtain atá dírithe ar thorthaí agus sineirgeach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur deimhin léi go ndéanann uiliú agus cur chun feidhme feabhsaithe CTA aidhm an chonartha a chur chun cinn, mar atá an comhar, an trédhearcacht agus an ghníomhaíocht fhreagrach trí rialáil a dhéanamh ar an trádáil idirnáisiúnta arm, rud a chuirfidh, ar an gcaoi sin, leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta agus le laghdú ar an bhfulaingt dhaonna. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis imní di an dinimic dhiúltach in CTA, lena n-áirítear maidir le tuarascálacha bliantúla a thíolacadh. Cé gur díol sásaimh di an líon suntasach Stát atá rannpháirteach anois in CTA, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí iarrachtaí níos láidre i dtaca le cloí uilechoiteann a bhaint amach. Iarrann an Chomhairle ar na Stáit nach ndearna amhlaidh fós, aontú don CTA nó é a dhaingniú, agus, go dtí go n-aontófar dó nó go ndéanfar é a dhaingniú, iarrtar orthu cloí leis na téarmaí ann.

15. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí agus a ábhartha atá for-rochtain an Aontais do thríú tíortha chun tacú le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm agus geallann sí go leanfar den chomhar le tíortha comhpháirtíochta agus go ndéanfar é a neartú, go háirithe le tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus le tíortha i gcomharsanacht an Aontais. Molann an Chomhairle do thríú tíortha iad féin a ailíniú le Comhsheasamh 2008/944/CBES agus le haon athbhreithniú a dhéanfar air ina dhiaidh sin.

16. Geallann an Chomhairle go leanfaidh sí den obair ar ghnéithe a thacaíonn le trádáil fhreagrach teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata, agus ar chúraimí COARM i gcás inarb ábhartha maidir leis an méid seo a leanas:

    (1) leanúint d’fhéachaint ar bhealaí chun tacú le rianú na teicneolaíochta míleata agus an trealaimh mhíleata chun atreorú a chosc agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear trí airm a mharcáil agus trí armlón a chlibeáil, trí úsáid a bhaint as réitigh theicniúla nuálacha don rianú; leanúint de thacaíocht a thabhairt don Sásra Tuairiscithe Domhanda ar Ghnáth-Arm mar aon lena nArmlón agus d’obair a dhéanamh chun an Sásra sin a fhorbairt a thuilleadh;

    (2) mar aitheantas ar luach an dea-chaidrimh agus an chomhair idir stáit onnmhairiúcháin agus stáit allmhairiúcháin, lena n-áirítear fíorú agus faireachán úsáideoirí deiridh mar uirlis chun atreorú a chosc, na Ballstáit agus tríú tíortha toilteanacha a spreagadh chun an caidreamh agus an comhar sin a fhiosrú le chéile, agus oibriú i dtreo dea-chleachtais a fhorbairt do na Ballstáit;

    (3) teacht ar chomhaontú maidir le modhanna chun onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata arna bhforbairt go comhpháirteach ag na Ballstáit a éascú;

(4) féachaint ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí go bhféadfaí an teicneolaíocht mhíleata nó an trealamh míleata atá le honnmhairiú a úsáid chun gníomhartha tromchúiseacha foréigin a dhéanamh nó a éascú i gcoinne daoine ar de ghrúpaí iad a chosnaítear go sonrach leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

(5) tacú le fothú acmhainneachta tríú tíortha i ndáil le bainistiú stoc-charn arm agus armlóin;

(6) tuilleadh cóineasaithe a chothú i dtaca le íoschaighdeáin rialuithe ar theicneolaíocht dholáimhsithe agus ar aistrithe eolais;

(7) leanúint den fhor-rochtain ar thionscal cosanta an Aontais chun comhroinnt faisnéise, trédhearcacht agus cóineasú an bheartais slándála agus breithnithe eacnamaíocha a chur chun cinn, lena n-áirítear i gcomhthéacs CTA;

(8) meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chinneadh (AE) (CBES) 2021/38 ón gComhairle an 15 Eanáir 2021 lena mbunaítear cur chuige comhchoiteann maidir le heilimintí deimhnithe úsáideora deiridh i gcomhthéacs onnmhairiú mionarm agus armán éadrom agus a n-armlóin.

17. Meabhraítear don Chomhairle an oibleagáid comhchuibheas ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 21(3), an dara fomhír, den Chonradh ar an Aontas Eorpach; i ndáil leis sin, tugann an Chomhairle dá haire a thábhachtaí atá sé beartas rialaithe onnmhairiúcháin comhsheasmhach a bheith ag an Aontas maidir le teicneolaíocht mhíleata agus trealamh míleata agus earraí dé-úsáide.

18. Cuireann an Chomhairle de chúram ar COARM athmheas a dhéanamh ar chur chun feidhme Chomhsheasamh 2008/944/CBES, arna leasú le Cinneadh 2025/779 ón gComhairle (CBES), i gceann 5 bliana.